**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0013/2020**

27.1.2020

# TUARASCÁIL

ina bhfuil tairiscint i gcomhair rún neamhreachtach maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle i dtaca le Prótacal chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau (2019-2024) a thabhairt i gcrích
(08928/2019 – C9-0011/2019 – 2019/0090M(NLE))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: João Ferreira

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN NEAMHREACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ............................................................................................................................3

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT ..........................................................................10

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ..................................................................15

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........16

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN NEAMHREACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le Prótacal chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau (2019-2024) a thabhairt i gcrích (08928/2019 – C9-0011/2019 – 2019/0090M(NLE))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (08928/2019),

– ag féachaint don Phrótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau (08894/2019) ('an Prótacal') a thabhairt i gcrích,

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43, le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0011/2019),

- ag féachaint d'Airteagal 31(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (Comhbheartas Iascaigh)[1],

- ag féachaint dá rún an 12 Aibreán 2016 maidir le rialacha comhchoiteanna i ndáil le cur i bhfeidhm na gné seachtraí de CBI, lena n-áirítear comhaontuithe iascaigh[2],

– ag féachaint dá rún reachtach an ...[3] maidir leis an togra le haghaidh cinnidh,

– ag féachaint do Riail 105(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0013/2020),

A. de bhrí go bhfuil sé mar chuspóir foriomlán ag Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPA) AE-Guine Bissau comhar iascaigh a fheabhsú idir AE agus Guine Bissau, chun leasa an dá pháirtí, trí bheartas iascaigh inbhuanaithe agus saothrú fónta agus inbhuanaithe acmhainní iascaigh i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau a chur chun cinn, chomh maith le forbairt earnála iascaigh Ghuine Bissau;

B. de bhrí go meastar go bhfuil úsáid deiseanna iascaireachta faoin SFPA roimhe sin sásúil

[1] IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.
[2] IO C 58, 15.2.2018, lch. 93.
[3] Téacsanna a glacadh, P9_TA(0000)0000.

ar an iomlán;

C. de bhrí go bhfuil tábhacht shuntasach ag baint le SFPA AE-Guine Bissau i gcomhthéacs na SFPAnna atá curtha i gcrích ag AE le tríú tíortha, agus gurb é sin an tríú ceann is tábhachtaí faoi láthair ó thaobh na gcistí atá i gceist, agus go bhfuil buntáiste eile ag baint leis toisc gur ceann de trí chomhaontú amháin é a ligeann rochtain ar iascach ilspeiceas;

D. de bhrí gur ranníocaíocht an-íseal do shaibhreas na tíre í an iascaireacht (3.5 % de OTI in 2015), cé ndéanfaidh na cistí a gheobhaidh sí faoi SFPA, mar chúiteamh airgeadais ar rochtain ar acmhainní, ranníocaíocht shuntasach dá hairgeadais phoiblí náisiúnta;

E. de bhrí go bhfuil méadú ó EUR 9 milliún go EUR 11.6 milliún in aghaidh na bliana tagtha ar an méid bliantúil le haghaidh rochtain ar acmhainní iascaigh, i gcomparáid leis an bPrótacal roimhe seo, agus méadú EUR 3 mhilliún go EUR 4 mhilliún in aghaidh na bliana maidir le tacaíocht AE do bheartas earnála iascaigh Ghuine Bissau;

F. de bhrí go ndéanfar deiseanna iascaireachta a shainmhíniú ar dhá bhealach dhifriúla laistigh de thréimhse an Phrótacail: sa chéad dá bhliain, ina n-iarracht iascaireachta (arna tomhas in Olltonnáiste cláraithe (OTC)) agus sna trí bliana deireanacha, ina ngabhálacha iomlána incheadaithe (arna dtomhas i dtonaí); de bhrí gur cheart go dtarlódh an t-aistriú seo in éineacht le córas tuairiscithe gabhálacha leictreonach á chur i bhfeidhm agus sonraí gabhálacha á bpróiseáil, i rith na chéad dá bhliain den Phrótacal;

G. de bhrí go ndeonaítear na deiseanna iascaireachta seo a leanas do chabhlaigh AE le linn chéad tréimhse an Phrótacail: 3 700 OTC do reothrálaeir séacla, 3 500 OTC do reothrálaeir iasc eite agus ceifileapód agus 15 000 OTC do thrálaeir le haghaidh peiligigh bheaga, 28 mbád saighne tuinnín ina bhfuil saoráidí reoiteora agus bád spiléireachta agus 13 bhád cuaille agus dorú; de bhrí go ndeonaítear na deiseanna iascaireachta seo a leanas do chabhlaigh AE le linn an dara tréimhse: 2 500 tonna do reothrálaeir séacla, 11 000 do reothrálaeir iasc eite, 1 500 tonna do reothrálaeir ceifileapód agus 18 000 tonna do thrálaeir le haghaidh peiligigh bheaga, 28 mbád saighne tuinnín agus bád spiléireachta, agus 13 bhád cuaille agus dorú;

H. de bhrí go dtéann an chéad chomhaontú iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Guine Bissau siar go 1980; de bhrí gur imigh an prótacal roimhe seo in éag an 23 Samhain 2017; de bhrí nach raibh feidhmiú comhair um fhorbairt atá mar chuid de na comhaontuithe seo (i.e. tacaíocht earnála) sásúil ar an iomlán; de bhrí, d'ainneoin sin, go bhfuil dul chun cinn taifeadta ar fhaireachán iascaigh, rialú agus faireachas agus acmhainneacht imscrúdaithe shláintíoch, agus ar rannpháirtíocht Ghuine Bissau i gcomhlachtaí réigiúnacha iascaigh; de bhrí go bhfuil gá le feabhas a chur ar chomhar earnálach chun forbairt na hearnála iascaigh áitiúla agus na hearnálacha agus gníomhaíochtaí a bhaineann léi a chur chun cinn ar bhealach níos fearr ionas go bhfanfaidh cuid níos mó den bhreisluach a chruthaítear trí shaothrú acmhainní nádúrtha na tíre i nGuine Bissau;

I. de bhrí go bhfuil gá le bonneagar bunúsach nach bhfuil ann fós ionas go bhforbróidh earnáil iascaigh Ghuine Bissau, amhail calafoirt, láithreáin ag a dtugtar iasc i dtír, bonneagar stórála agus monarchana próiseála, nach bhfuil ann fós, mar chuid d'iarracht chun tabhairt i dtír iasc a gabhtar in uiscí Ghuine Bissau a tharraingt;

J. de bhrí do dtosóidh Deich mBliana na hEolaíochta Aigéin um Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe (2021-2030) in 2021; de bhrí gur gá tríú tíortha a spreagadh chun páirt lárnach a ghlacadh i sealbhú eolais;

K. de bhrí go bhfuil bac ar thrádáil táirgí iascaigh ó Ghuine Bissau le AE le blianta fada anuas, toisc nach féidir leis an tír na bearta sláintíochta a d'éiligh AE a chomhlíonadh; de bhrí gurb é an mhoill ar phróiseas deimhniúcháin na saotharlainne anailíse (CIPA) an bac is mó ar onnmhairiú táirgí iascaigh ó Ghuine Bissau chuig AE; de bhrí go bhfuil údaráis Ghuine Bissau agus an Coimisiún ag obair le chéile sa phróiseas deimhniúcháin chun an cosc a aisghairm;

L. de bhrí go bhfuil gá lena áirithiú go bhfanann cuid níos mó den bhreisluach a thagann assaothrú acmhainní iascaigh i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau sa tír;

M. de bhrí gur beag an fhostaíocht dhíreach in earnáil iascaigh Ghuine Bissau, fiú maidir le baill criú áitiúil a fhostú ar bhord soithí (faoi láthair is lú líon na mball sin ná an líon a bhí ann le linn an phrótacail roimhe sin) nó mná, a bhfuil a slite beatha agus a bpostanna ag brath ar an earnáil iascaigh;

N. de bhrí go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na mairnéalach le bheith fostaithe i gcabhlaigh AE, i gcomparáid leis an bPrótacal roimhe seo; de bhrí go ndéanfaidh úinéirí soithí AE iarracht chun mairnéalaigh breise Ghuine Bissau a fhostú; de bhrí go ndéanfaidh údaráis Ghuine Bissau liosta táscach mairnéalach cáilithe ar iarrthóirí iad le bheith fostaithe ar shoithí AE agus go ndéanfaidh siad an liosta sin a choinneáil cothrom le dáta;

O. de bhrí go ndearnadh dul chun cinn maidir le hiascaireacht NNN (neamhdhleathach, neamhthuairiscithe, neamhrialáilte) a chosc in uiscí críochacha Ghuine Bissau, le tacaíocht ó háiseanna cigireachta i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuine Bissau (LEE), eadhon iad a bhaineann le FISCAP (Cigireacht agus Rialú ar Ghníomhaíochtaí Iascaireachta), lena n-áirítear grúpa breathnóirí agus soithí patróil tapaigh; de bhrí go bhfuil bearnaí agus easnaimh fós ann a bhfuil gá dul i ngleic leo, lena n-áirítear an Córas um Fhaireachán Soithí' (VMS);

P. de bhrí go bhfuil dul chun cinn déanta ó thaobh tréithriú ar acmhainní grinnill i limistéar eacnamaíoch eisiach Ghuine Bissau de, go háirithe an 'tuairisc maidir leis an bhfeachtas meastóireachta ar stoic ghrinnill i limistéar eacnamaíoch eisiach Ghuine Bissau', in Eanáir 2019;

Q. de bhrí gur ceann de 13 thír í Guine Bissau atá faoi raon feidhme an tionscadail 'Rialachas réigiúnach iascaigh feabhsaithe san Afraic Thiar (PESCAO)' arna ghlacadh le Cinneadh C(2017) 2951 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2017, a bhfuil sé mar aidhm aige, i measc spriocanna eile, cosc agus freagraí ar iascaireacht NNN a neartú trí fheabhas a chur ar fhaireachán, rialú agus faireachas ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach;

R. de bhrí nach raibh comhtháthú na moltaí a rinne an Pharlaimint roimhe sin sa Phrótacal atá ann faoi láthair go hiomlán sásúil;

S. de bhrí gur gá Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas go cuí agus in am trátha ag gach

céim faoi nósanna imeachta a bhaineann leis an bPrótacal nó lena athnuachan;

1. ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá SFPA AE-Guine Bissau, do chabhlaigh Ghuine Bissau agus AE atá ag oibriú i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau araon; ag cur i bhfios go bhfuil raon le dul chun cinn níos éifeachtúla i dtéarmaí comhar iascaireachta idir AE agus Guine Bissau agus á iarraidh ar an gCoimisiún arís gach céim a bhfuil gá leis a thabhairt chun dul níos faide ná na prótacail roimhe seo maidir le cur i bhfeidhm an chomhaontaithe seo lena áirithiú go mbeidh leibhéil shásúla forbartha ar an earnáil iascaigh áitiúil go domhanda mar gheall ar SFPA, agus ba cheart go mbeadh sin i gcomhréir leis na spriocanna dá dtagraítear i Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 14 de chuid na Náisiún Aontaithe chun na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe don fhorbairt inbhuanaithe';

2. á mheas nach mar an gcéanna a d'éirigh le cuspóirí SFPA AE-Guine Bissau: cé gur chuir agus go gcuireann an comhaontú deiseanna iascaireachta tábhachtacha ar fáil do shoithí AE i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau agus tá na deiseanna sin úsáidte go mór ag longúinéirí Eorpacha, tá na torthaí a fuarthas maidir le forbairt na hearnála iascaigh áitiúla go ginearálta easnamhach nó míshásúil;

3. ag cur i bhfios, in Airteagal 3 de, go bhfuil clásal neamh-idirdhealaithe sa Phrótacal lena gheallann Guine Bissau gan coinníollacha teicniúla níos fabhraí a dheonú do chabhlaigh choigríche eile a oibríonn i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau a bhfuil na saintréithe céanna acu agus a dhíríonn ar na speicis chéanna; á iarraidh ar an gCoimisiún súil ghéar a choinneáil ar chomhaontuithe iascaigh AE le tríú tíortha atá i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau;

4. ag cur in iúl gur díol sásaimh di rannchuidiú soithí AE le slándáil bia i nGuine Bissau trí ghabháil a thabhairt i dtír go díreach, mar a shonraítear i gCaibidil 5 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal, chun tairbhe na bpobal áitiúil agus chun trádáil agus tomhaltas inmheánach éisc a chur chun cinn;

5. á mheas gur dúshlán don Phrótacal atá ann faoi láthair é an t-athrú ó thaobh bhainistiú na ndeiseanna iascaireachta de (ó bhainistiú bunaithe ar iarracht iascaireachta go bainistiú bunaithe ar ghabháil iomlán incheadaithe); á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar Ghuine Bissau athrú iomchuí agus éifeachtúil a chur chun cinn, gan mhoill, chun an iontaofacht agus an éifeachtúlacht is gá maidir leis an gcóras tuairiscithe gabhálacha leictreonach (ERS) agus maidir le próiseáil sonraí gabhálacha, a chosaint;

6. ag tacú leis an ngá atá le dul chun cinn suntasach maidir le forbairt earnála iascaigh Ghuine Bissau, lena n-áirítear an tionscal iascaireachta agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis, agus iarrann sí ar an gCoimisiún glacadh le gach beart a bhfuil gá leis – lena n-áirítear athbhreithniú agus méadú b'fhéidir ar an gcuid den chomhaontú atá dírithe ar thacaíocht earnála, chomh maith le bearta ionas go gcuirfear an ranníocaíocht airgeadais sin i bhfeidhm ar bhealach níos fearr – chun an sprioc seo a bhaint amach;

7. á mheas nach mbainfidh SFPA AE-Guine Bissau a chuspóirí amach mura gcuidíonn sé chun córas bainistithe le haghaidh shaothrú inbhuanaithe agus fadtéarmach a hacmhainní iascaigh a chur i bhfeidhm; á mheas go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach na forálacha atá leagtha amach sa Phrótacal maidir le tacaíocht earnála a chomhlíonadh ionas go gcuidíonn sé le cur chun feidhme iomlán na straitéise náisiúnta iascaireachta

agus an gheilleagair ghoirm; ag sainaithint, i dtaca leis sin, mar phríomhchuspóirí ar cheart do AE tacú leo, agus an cúnamh teicniúil agus airgeadais a bhfuil gá leo a chur ar fáil chun:

a. acmhainneacht institiúideach a neartú, go háirithe straitéisí rialachais réigiúnacha agus domhanda, chun iarmhairtí carnacha comhaontuithe iascaigh éagsúla i dtíortha sa réigiún a chur san áireamh;

b. tacú le limistéir mhuirí faoi chosaint a threisiú chun dul i dtreo bainistithe comhtháite acmhainní iascaigh;

c. bonneagar iomchuí le haghaidh iascaireachta agus na gníomhaíochtaí a bhaineann léi a fhorbairt, amhail calafoirt (ar mhórscála agus ar mhionscála araon), láithreacha a gcuirtear an t-iasc i dtír agus bonneagar stórála agus próiseála iasc, margaí, struchtúir le haghaidh dáilte agus margaíochta, saotharlanna anailíse cáilíochta**,** agus é mar aidhm leis gabhálacha éisc a ngabhtar in uiscí Ghuine Bissau a tharraingt;

d. acmhainneacht na n-oibreoirí áitiúla san earnáil iascaigh a neartú trí thacú le heagraíochtaí iascairí;

e. oibreoirí iascaireachta a oiliúint;

f. tacú le hiascaireacht áitiúla ar mhionscála;

g. cuidiú le dea-dhálaí éiceolaíocha na muirthimpeallachta, go háirithe trí thacú le bailiú dramhaíola agus trealaimh iascaireachta ag gníomhaithe áitiúla;

h. aitheantas a thabhairt agus feabhas a chur ar an ról atá ag mná agus daoine óga san iascaireacht, chomh maith le heagrú a róil a neartú trí thacú leis na dálaí riachtanacha chun é sin a bhaint amach;

8. á iarraidh ar an gCoimisiúin agus ar na Ballstáit, ina mbeartais oifigiúla cúnaimh um fhorbairt, a chur san áireamh gur gá don Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) agus an tacaíocht earnála atá beartaithe in SFPA AE-Guine Bissau a bheith ag tacú lena chéile agus nasctha go hiomlán, chun cuidiú leis an earnáil iascaigh áitiúil a neartú;

9. ag cur in iúl gur cúis imní di líon na monarchana mine éisc agus ola éisc ar chósta na hAfraice Thiar, a soláthraítear iasc dóibh freisin ó uiscí Ghuine Bissau; ag cur i bhfios go bhfuil iascaireacht foráiste i gcoinne phrionsabal na hinbhuanaitheachta agus foráil acmhainní próitéine don phobal áitiúil; ag cur in iúl gur díol sásaimh di an fhorbairt ar shaoráidí calafoirt nó saoráidí chun gabhálacha a thabhairt i dtír i nGuine Bissau, ach ag an am céanna ag cur in iúl gur cúis imní di go bhféadfadh tógáil monarchana mine éisc nua teacht ina dhiaidh;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar údaráis Ghuine Bissau a gcomhar a fheabhsú chun na coinníollacha a bhunú le haghaidh onnmhairiú táirgí iascaigh Ghuine Bissau chuig AE, go háirithe maidir leis na dálaí sláintíocha riachtanacha a fhíorú agus an tsaotharlann anailíse (CIPA) a dheimhniú, chun an bac reatha a shárú, chun borradh a chur faoi fhorbairt na hearnála iascaigh áitiúla agus, mar thoradh air sin, dul chun cinn a

dhéanamh chun na spriocanna SFPA a bhaint amach;

11. ag tacú leis an ngá atá ann le ranníocaíocht SFPA a fheabhsú chun poist dhíreacha agus indíreach a chruthú ar leibhéal áitiúil, ó thaobh na soithí a oibríonn faoi SFPA de, nó ó thaobh na ngníomhaíochtaí ar fad a bhaineann leis an iascaireacht; den tuairim go bhféadfaidh ról tábhachtach a bheith ag na Ballstáit agus go bhféadfaidh siad páirt ghníomhach a ghlacadh in iarrachtaí fothaithe acmhainneachta agus in iarrachtaí oiliúna chun an sprioc sin a bhaint amach;

12. ag meabhrú di nádúr uathúil éiceachóras muirí agus chósta Ghuine Bissau, amhail na foraoisí mangróibh, a fheidhmíonn mar ghnáthóga iasclainne d'acmhainní iascaigh, agus a bhfuil gníomhaíocht spriocdhírithe de dhíth uathu chun bithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú;

13. á mheas gur cheart an fhaisnéis ar na tairbhí a dhéanann cur chun feidhme an Phrótacail do gheilleagair áitiúla (e.g. fostaíocht, bonneagar agus feabhsuithe sóisialta) a thiomsú;

14. á mheas go bhfuil gá le feabhas a chur ar mhéid agus cáilíocht sonraí maidir leis na gabhálacha ar fad (spriocghabháil agus foghabháil), stádas caomhantais acmhainní iascaigh i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau agus, go ginearálta, ar impleacht SFPA ar éiceachórais, agus gur cheart iarracht a dhéanamh chun acmhainneacht Ghuine Bissau a fhorbairt chun sonraí den chineál sin a fháil; á iarraidh ar an gCoimisiún cabhrú chun a áirithiú gur féidir leis na comhlachtaí atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme SFPA, lena n-áirítear an Comhchoiste agus an Coiste Comhpháirteach Eolaíoch, feidhmiú go rialta, i gcomhar le comhlachais iascairí mionscála, le comhlachais mná a oibríonn san earnáil iascaigh, le ceardchumainn, le hionadaithe ó phobail chósta, agus le heagraíochtaí iomchuí na sochaí sibhialta i nGuine Bissau;

15. á mheas go bhfuil gá mór le feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir le gabhálacha i nGuine Bissau; á iarraidh, ina theannta sin, feabhas ar tharchur sonraí arna nginiúint ag córais VMA shoithí AE tríd an stát brataí chuig na húdaráis Afracacha; á iarraidh idir-inoibritheacht córais sonraí níos fearr;

16. á áitiú foilsithe tuairiscí maidir le gníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht faighte acu trí thacaíocht earnála do thrédhearcacht níos fearr;

17. den tuairim, i gcás iascaigh a chosc nó srianta iascaireachta a thabhairt isteach, chun inbhuanaitheacht áiseanna a áirithiú, arna bhunú ag an bPrótacal, gur gá riachtanais na hiascaireachta ar leibhéal áitiúil a chur san áireamh ar dtús, bunaithe ar bhonn comhairle eolaíoch iontaofa;

18. ag cur i bhfios a thábhachtaí atá an riachtanas barrachais do shoithí AE ag iascaireacht in uiscí de chuid tríú tír;

19. ag tacú leis an ngá atá ann chun feabhas a chur ar rialachas, rialú agus faireachas i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau agus chun dul i ngleic le hiascaireacht NNN, idir rudaí eile, trí fhaireachán ar shoithí a neartú (trí chóras VMS) chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht ó thaobh gníomhaíochtaí iascaireachta de;

20. á áitiú forálacha trédhearcachta a áireamh, rud lena mbainfeadh na comhaontuithe ar fad le stáit nó le heintitis phríobháideacha a bhfuil rochtain deonaithe acu do limistéar eacnamaíoch eisiach Ghuine Bissau a fhoilsiú;

21. ag cur i bhfios a thábhachtaí atá sé na deiseanna iascaireachta arna soláthar trí SFPA a leithdháileadh bunaithe ar phrionsabail an chothromais, na cothromaíochta agus na trédhearcachta;

22. ag cur i bhfios a thábhachtaí atá sé go gcuireann na gabhálacha éisc a thugtar i dtír i gcalafoirt Ghuine Bissau le gníomhaíochtaí phróiseála áitiúla agus de shlándáil bia, ó thaobh speiceas agus cáilíochta de araon;

23. á iarraidh ar an gCoimisiún miontuairiscí agus conclúidí chruinnithe an Chomhchoiste, an clár earnála ilbhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 5 den Phrótacal agus torthaí na meastóireachtaí bliantúla, faisnéis maidir le comhordú an chláir sin agus plean straitéiseach um fhorbairt iascaigh i nGuine Bissau (2015-2020), chomh maith le miontuairiscí agus conclúidí chruinnithe an Choiste Comhpháirteach Eolaíoch, agus faisnéis a bhaineann le hiascaireacht NNN i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau, cur i bhfeidhm oibreoirí eacnamaíochta AE san earnáil iascaigh i nGuine Bissau (Airteagal 10 den Phrótacal) agus fíorú go bhfuil oibleagáidí na longúinéirí á gcomhlíonadh (e.g. an méid a bhaineann le ranníocaíocht chomhchineáil, dá bhforáiltear i gCaibidil V den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal), a chur chuig an bParlaimint; á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach go gcuirfidh sé tuarascáil iomlán maidir le forfheidhmiú an Phrótacail faoi réir na Parlaiminte, le linn bhliain dheireanach chur i bhfeidhm an Phrótacail agus roimh oscailt na gcaibidlíochtaí chun é a athnuachan;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar údaráis Ghuine Bissau faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil maidir le forbairt gníomhaíochtaí a bhaineann le hiascaireacht foráiste sa réigiún;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí arna gcur le chéile in SFPA AE-Guine Bissau a chomhtháthú ar dhóigh níos fearr, agus iad a chur san áireamh sna nósanna imeachta a bhaineann le hathnuachan an Phrótacail;

26. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Ghuine Bissau.

11.12.2019

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT

chuig an gCoiste um Iascach

ar thairiscint i gcomhair rún neamhreachtach ar an dréachtchinneadh ón gComhairle i dtaca le prótacal chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau (2019-2024) a thabhairt i gcrích (2019/0090M(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Caroline Roose

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Iascach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag cur i bhfios gur gá do bheartas iascaigh Eorpach a bheith i gcomhréir leis na spriocanna forbartha a leagtar amach in Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, go háirithe, na spriocanna dá dtagraítear i Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 14 de Chlár Oibre 2030 – na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe don fhorbairt inbhuanaithe;

2. ag áitiú gur cheart go mbeadh rochtain shoithí an Aontais Eorpaigh teoranta dáiríre do bharrachas na hacmhainne iascaireachta, ar aon dul le prionsabal na huastáirgeachta inbhuanaithe; ag meabhrú nár cheart go gcuirfeadh iascaireacht arna déanamh ag soithí an Aontais Eorpaigh slándáil bia na bpobal áitiúil i mbaol;

3. ag cur a himní in iúl maidir le heaspa sonraí eolaíocha iontaofa lena bhféadfar staid na n-acmhainní iascaireachta a mheas go cruinn; ag cur i bhfios, sa chomhthéacs seo, a thábhachtaí atá na comhghrúpaí eolaíocha atá freagrach as tuairimí eolaíocha a thabhairt ar staid stoc iascaigh chun an ró-iascaireacht a sheachaint; á iarraidh go ndáilfí acmhainní airgeadais, teicniúla agus daonna do na grúpaí sin chun é a chur ar a gcumas a thascanna a dhéanamh agus obair in éineacht le heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBI); ag moladh go láidir an comhar réigiúnach a fheabhsú maidir le taighde ar an iascaireacht agus bainistiú iascaigh;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar Ghuine Bissau faisnéis níos mionsonraithe a sholáthar maidir le forbairt gníomhaíochtaí iascaireachta ar mhórscála sa réigiún; á iarraidh ar an gCoimisiún, go háirithe, a áirithiú go ndéanfaidh údaráis Ghuine Bissau cumarsáid thrédhearcach maidir le faisnéis a bhaineann le comhaontuithe eile a shíniú

lena dtugtar cead rochtana do chabhlaigh choigríche eile ar a limistéar eacnamaíoch eisiach;

5. ag iarraidh trédhearcacht a bheith ann i dtaca le húsáid cistí an Aontais Eorpaigh agus le foilsiú liosta na dtionscadal a maoiníodh;

6. á iarraidh iarrachtaí comhbheartaithe chun forbairt eacnamaíoch áitiúil a chothú agus chun pobail chósta a bhfuil ag brath ar acmhainní muirí a neartú; ag áitiú, go háirithe, gur cheart go rannchuideodh an tacaíocht earnála, ar bhonn inbhuanaithe, le forbairt na hearnála iascaireachta áitiúla ar mhionscála, lena n-áirítear an earnáil phróiseála, go háirithe chun sochair do mhná agus do dhaoine óga; á iarraidh go soláthróidh AE cúnamh teicniúil chun feabhas a chur ar shlabhraí luacha agus scéimeanna deimhniúcháin iascaigh ar mhionscála; á mholadh go mbeidh cuid den chlár earnála ilbhliantúil tiomnaithe do ghníomhaíochtaí chun dlús a chur le faireachán, rialú agus faireachas, go háirithe mar bhealach chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe, neamhrialáilte a chosc; ag moladh, ina theannta sin, go mbeidh na pobail iascaireachta áitiúla rannpháirteach i sainiú na ngníomhaíochtaí atá le déanamh faoi chuimsiú na tacaíochta earnála;

7. ag moladh go gcuirfear bonneagair ar fáil lena n-éascaítear teacht i dtír na gabhála agus luacháil na dtáirgí iascaireachta ar an láthair, chun a áirithiú go mbainfear amach torthaí nithiúla faoin gcomhaontú chun tacú leis an iascach áitiúil agus ar mhionscála; ag cur i bhfios a thábhachtaí atá sé go ndéanfar pobail áitiúla a chur ar an eolas faoi acmhainní nádúrtha a bhainistiú, a chosaint agus a chaomhnú chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach agus chun an bochtanas a chomhrac;

8. ag meabhrú di ról lárnach na mban in iascaireacht ar mhionscála, go háirithe i margaíocht agus próiseáil táirgí; ag meabhrú di a thábhachtaí atá sé tacaíocht a fhorbairt i bhfoirm oiliúna nó bonneagar beag don slabhra fuar;

9. ag áitiú gur cheart an comhaontú a chur in oiriúint do riachtanais agus tosaíochtaí Ghuine Bissau; á iarraidh ar an gCoimisiún, i dtaca leis sin, limistéar a bhunú atá dúnta do thrálaeir chósta chun a dtionchar ar iascairí áitiúla a laghdú agus chun cosc a chur ar ghabháil ar speicis atá tábhachtach don líon áitiúl in áiteanna ina mbíonn daoine áitiúla ag iascaireacht; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndearbhaíonn trálaeir a bhfoghabhálacha – ó thaobh speicis agus méid de;

10. ag moladh go dtabharfar faoin tacaíocht earnála i gcomhlántacht agus i gcomhréir le cláir eile atá maoinithe ag comhpháirtithe idirnáisiúnta eile i nGuine Bissau chun maoiniú dúbailte a sheachaint;

11. ag cur i bhfios, de réir tuarascáil ón Aontas Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra (IUCN), go rannchuidíonn caomhnú fadtéarmach acmhainní nádúrtha limistéar chósta Ghuine Bissau go mór leis an mbithéagsúlacht domhanda a chaomhnú, *inter alia*, trí láithreacha ubh-bhreithe a sholáthar do na coilíneachtaí turtar mara is mó ar chósta Atlantach na hAfraice, trí fáilte a chur roimh mhilliún éan imirceach ón Eoraip gach bliain, agus trí chothú, tearmann agus láithreacha sceathraí a sholáthar d’éisc agus crústach;

12. ag cur i bhfios a thábhachtaí atá an clár um chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na n-

acmhainní nádúrtha limistéar chósta Ghuine Bissau; á iarraidh ar údaráis pholaitiúla agus riaracháin Ghuine Bissau dlús a chur le beartais chun éiceachórais mhuirí agus chósta a chaomhnú, chun bainistiú inbhuanaithe acmhainní nadúrtha agus saothrú acmhainní iascaigh atá comhoiriúnach leis na SDGanna agus dea-chleachtais sa réim sin a roinnt a áirithiú;

13. ag meabhrú di go bhfeidhmíonn Guine Bissau, a bhfuil 8% dá chríoch clúdaithe ag foraoisí manghróibh, mar mhaolán aeráide agus go bhfeidhmíonn sí mar bhac ar mhéadú gaineamhlaithe i dtreo tíortha an deiscirt agus ar chreimeadh cósta; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé tús áite a thabhairt do mhangróibh agus na hacmhainní atá ag brath orthu a chaomhnú; ar bhealach níos ginearálta, ag meabhrú di a thábhachtaí atá bainistiú comhtháite an limistéir cósta, ar cheart a mheas mar ionstraim um chaomhnú agus úsáid réasúnach acmhainní nádúrtha i gcomhthéacs forbartha inbhuanaithe agus chun rannchuidiú le caomhnú éiceachórais agus speicis;

14. ag meabhrú di gur acmhainní trasteorainn iad acmhainní muirí; ag tabhairt dá haire go meastar san Afraic Thiar Theas, de réir tuairisc ó Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), go bhfuil ró-iascaireacht á déanamh ar naoi stoc éisc, lena n-áirítear *Galeoides decadactylus* agus iad siúd sa ghéineas *Pomadasys*; á iarraidh, mar sin, go gcuirfear san áireamh éifeacht charnach na gcomhaontuithe iascaigh éagsúla a tugadh i gcrích le tíortha sa réigiún, chun straitéisí réigiúnacha agus domhanda a neartú le haghaidh rialaithe iascaigh le tríú tíortha agus lena áirithiú bainistiú inbhuanaithe acmhainní iascaigh; á iarraidh ar rialtais Stáit na hAfraice Thiar córais faisnéise a chruthú chun na críche seo agus dlús a chur lena gcomhar réigiúnach; ag meabhrú di an gá, ina theannta sin, le nósanna imeachta dearbhaithe iomchuí a fhorbairt um onnmhairiú táirgí iascaigh chuig AE.

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Prótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau (2019-2024) |
| **Tagairtí** | 2019/0090M(NLE) |
| **An Coiste Freagrach** | PECH |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fhógartha sa suí iomlánach | DEVE<br>24.10.2019 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Caroline Roose<br>4.9.2019 |
| **Arna phlé i gcoiste** | 7.11.2019 |
| **Dáta a ghlactha** | 3.12.2019 |
| **Dáta na vótála críochnaithí** | +: 21<br>–: 2<br>0: 1 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Hildegard Bentele, Dominique Bilde, Charles Goerens, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Martin Horwood, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Pierfrancesco Majorino, Lukas Mandl, Norbert Neuser, Michèle Rivasi, Louis Stedman-Bryce, Marc Tarabella, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo, Chrysoula Zacharopoulou, Bernhard Zimniok |
| **Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alessandra Basso, Stéphane Bijoux, Marlene Mortler, Caroline Roose, Carlos Zorrinho |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 21 | + |
|---|---|
| ECR | Beata Kempa |
| GUE/NGL | Miguel Urbán Crespo |
| ID | Bernhard Zimniok |
| PPE | Hildegard Bentele, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Lukas Mandl, Marlene Mortler, Tomas Tobé |
| RENEW | Stéphane Bijoux, Charles Goerens, Martin Horwood, Chrysoula Zacharopoulou |
| S&D | Mónica Silvana González, Pierfrancesco Majorino, Norbert Neuser, Marc Tarabella, Carlos Zorrinho |
| VERTS/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana, Michèle Rivasi, Caroline Roose |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde |
| NI | Louis Stedman-Bryce |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Alessandra Basso |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Prótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau (2019-2024) |
| **Tagairtí** | 2019/0090M(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin / na hiarrata ar thoiliú** | 16.10.2019 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fhógartha sa suí iomlánach | PECH<br>24.10.2019 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fhógartha sa suí iomlánach | DEVE BUDG<br>24.10.2019 24.10.2019 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | BUDG<br>24.9.2019 |
| **Rapóirtéir/Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | João Ferreira<br>23.7.2019 |
| **Arna phlé i gcoiste** | 12.11.2019 |
| **Dáta a ghlactha** | 21.1.2020 |
| **Dáta na vótála críochnaithí** | +: 25<br>–: 2<br>0: 1 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, Christian Allard, Pietro Bartolo, Izaskun Bilbao Barandica, Rosanna Conte, Richard Corbett, Chris Davies, Filip De Man, Diane Dodds, Giuseppe Ferrandino, João Ferreira, Søren Gade, Francisco Guerreiro, Niclas Herbst, France Jamet, Pierre Karleskind, Nosheena Mobarik, Cláudia Monteiro de Aguiar, Manuel Pizarro, Ruža Tomašić, Peter van Dalen, Theodoros Zagorakis |
| **Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nicolás González Casares, Nuno Melo, Caroline Roose, Maria Walsh |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Jeroen Lenaers, Antonio López-Istúriz White |
| **Dáta don chur síos** | 27.1.2020 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 25 | + |
|---|---|
| ECR | Nosheena Mobarik, Ruža Tomašić |
| GUE/NGL | João Ferreira |
| ID | Rosanna Conte |
| PPE | Peter van Dalen, Niclas Herbst, Jeroen Lenaers, Antonio López-Istúriz White, Nuno Melo, Cláudia Monteiro de Aguiar, Maria Walsh, Theodoros Zagorakis |
| RENEW | Izaskun Bilbao Barandica, Chris Davies, Søren Gade, Pierre Karleskind |
| S&D | Clara Aguilera, Pietro Bartolo, Richard Corbett, Giuseppe Ferrandino, Nicolás González Casares, Manuel Pizarro |
| VERTS/ALE | Christian Allard, Francisco Guerreiro, Caroline Roose |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Filip De Man, France Jamet |

| 1 | 0 |
|---|---|
| NI | Diane Dodds |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh